


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Scoil an Leighis UCD |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair** *(más ábhartha)* | Altra Cleachtaidh i gCleachtadh Míochaine Teaghlaigh an Choim |
| **Tréimhse an Phoist:** | Téarma Seasta Sealadach 8 Mí – (Páirtaimseartha 0.5FTE) |
| **Bainisteoir Líne** | An tOllamh Walter Cullen, Cleachtadh Míochaine Teaghlaigh an Choim |
| **Grád:** | Gan Scála |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 018632 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Linda Meili |
| **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána** | TÁ |

## Achoimre ar an bPost:

Baineann éagsúlacht le ról an altra cleachtaidh. Chomh maith le cúram altranais a sholáthar d'othair, déanann altraí cleachtaidh ag Cleachtadh Míochaine Teaghlaigh an Choim, Rialto, Baile Átha Cliath 8, cláir sláinte chomh maith le hoideachas d'othair a chomhordú. Bainistíonn na haltraí an clár vacsaínithe leanbaíochta príomhúla lena n-áirítear cothabháil ar bhunachar sonraí agus glacadh iniúchta. Bainistíonn na haltraí cleachtaidh cláir de chuid an HSE ar nós Bainistíocht Galar Ainsealach agus tá sé mar fhreagracht orthu taibhle galair cruinne a choinneáil. Cuidíonn na haltraí cleachtaidh leis an gclár réamhbhreithe agus le clinicí sláinte agus frithghiniúna na mban. I measc na seirbhísí a chuireann an t-altra ar fáil tá fleibeatóime, crióiteiripe, vacsaíní, stealladh cluaise, ag tógáil smearaidh, cóirithe, ECG & ABPM.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Seirbhísí altra cleachtaidh a sholáthar d'othair an chleachtais.
- An clár vacsaínithe leanbaíochta príomhúla a bhainistiú.
- Monatóireacht a dhéanamh ar ghlacadh vacsaínithe agus tús a chur le hathghlaoch othair.
- Cláir HSE a bhainistiú lena n-áirítear an clár Bainistíochta um Ghalar Ainsealach.
- Taibhle galair cruinne a choinneáil.
- Iniúchadh rialta a dhéanamh ar chomhlíonadh an chláir.
- Cúnamh a thabhairt maidir leis an gclár réamhbhreithe comhcheangailte.
- Cúnamh a thabhairt le seirbhísí sláinte na mban a sheachadadh lena n-áirítear smearthaí, LARC agus colpascópacht.
- Rialú stoic agus ordú soláthairtí.
- Cúnamh a thabhairt le cláir scagthástála a bhainistiú i.e. Scrúdú Brollaigh, Scagthástáil Putóige.
- Cuidiú le hoiliúint a chur ar fáil d'fhoireann nua.

**Tuarastal: €59,000 in aghaidh na bliana ar bhonn pro rata @ 0.5FTE**

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar ceiliúradh ar éagsúlacht agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Fáiltímid roimh iarratais ó chách, lena n-áirítear iad siúd a shamhlaíonn iad féin

le haon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**
Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- Tá taithí altranais ábhartha bliana inmhianaithe.
- Teist cruthaithe maidir le seachadadh seirbhísí altra.
- Clárúchán reatha le NMBI mar RGN nó a chomhionann.
- Sárscileanna cumarsáide chomh maith le sárscileanna riaracháin.
- Caithfidh an t-iarrthóir a bheith incháilithe le haghaidh slánaíochta cuí.
- Caithfidh iarrthóirí feasacht ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a léiriú.

Inmhianaithe:

- Oilte sa chnáimhseachas inmhianaithe

## Eolas Breise:

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis 2030 UCD: Teorainneacha a Shárú | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | https://www.ucd.ie/chas/ |
| An Scoil/Oifig Chláir/Aonad: | https://www.ucd.ie/medicine/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**


| | |
|---|---|
| Ainm: | Sinead Mathews |
| Teideal: | Bainisteoir Cleachtaidh |
| Seoladh r-phoist: | Sinead.mathews@ucd.ie |
| Fón: | 01 4730893 |